INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH, 2022

An Triail Scríofa - 100 MARC

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar chúrsaí spóirt scríobh litir chuig an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Bóthar Nua, Cill Airne, Contae Chiarraí ag lorg deontais chun páirc nua uile-aimsire a leagan in aice le do scoil.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an gCathaoirleach, An Bord Pleanála, 64 Sráid Maolbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag tacú leis an iarratas atá déanta ag an gCumann Drámaíochta i do cheantar amharclann nua thógáil.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-

(a) Stand back, Cormac and let Aisling into the line.
(b) Children! Take off your coats and sit down.
(c) Gather the copybooks, Paul and leave them on my table.
(d) Síle! Why weren't you at school yesterday?
(e) Children! You do not have permission to go out to the yard today. It is too wet.
(f) Why are you crying, Paul? Did somebody hit you?
(g) Niamh! Go down to the office and get the First Aid Box.
(h) Children! Show me your pictures, please.
(i) Did you look in your bag, Mary?
(j) That God may bring you home safely, Eoghan.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Paul. Are you in a hurry?
Teacher: We have a game this evening after school. I am going to the sport room to get the jerseys.
Principal: This will only take a minute.
Teacher: Come with me to the sport room. We can talk on the way.
Principal: I would like to talk to you about the children's behaviour in the yard.
Teacher: I was on duty in the yard today and I thought the children were very good.
Principal: I was thinking about giving the children permission to play football in the yard.
Teacher: That might be a little bit dangerous with two hundred children in the yard at the same time.
Principal: I will try it tomorrow.
Teacher: I will be on the yard again tomorrow. Drop out and we'll see how things go.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH
Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A Áine! Ná (caith) _____ bruscar ar an urlár!
2. A chailíní! (Faigh) _____ na liathróidí sa halla spóirt, le bhur dtoil.
3. Níor (taispeáin) _____ Ciara a hobair bhaile dom inné.
4. Ní (féach: siad) _____ ar an teilifís gach lá.
5. Ar (nigh: sí) _____ na héadaí Dé Sathairn seo caite?
6. (Roghnaigh: sé) _____ ainmneacha na ngrúpaí gach Luan.
7. Nach (tabhair: muid/sinn) _____ cupán tae do na cuairteoirí amárach?
8. An (abair: sí) _____ leat go raibh sí tinn inné?
9. (Tarraing: mé) _____ léarscáil, dá mbeadh peann agam.
10. Dá mbeadh níos mó airgid acu, (ceannaigh: siad) _____ teach nua.
11. (Críochnaigh: mé) _____ an leabhar amárach.
12. (Bailigh) _____ na boscaí do Chumann Naomh Uinseann de Pól ón scoil inné.
13. (Beir) _____ ar go leor ronnach i bhfarraigí na hÉireann gach samhradh.
14. Deir Ailbhe (cuimhníonn) _____ sí ar a seanmháthair gach lá.
15. Dúirt Fachtna (ní bhfuair) _____ sé cúl sa chluiche inné.
16. Dúirt Aoife (dáilfidh) _____ sí na leabhair nua amach an lá ina dhiaidh sin.
17. Is aoibhinn le Clíona a bheith ag (snámh) _____ san fharraige.
18. Tá na ceoltóirí go léir (imigh) _____ go dtí an cheolchoirm.
19. Dá (déan) _____ sí cáca milis, d'íosfadh na páistí é.
20. Má (oscail: tú) _____ an fhuinneog, ní bheidh an seomra ró-the.

An Chopail:

21. Nach (é) _____ Donncha atá i gceannas ar an bpáirc?
22. Is (imreoir peile) _____ í Bríd.

23. Ba (Príomhoide) _____ í Béibhinn.
24. Nárbh (iad) _____ Aoibhinn agus Eithne a bhuaigh an duais?

An tAinmfhocal

25. Ghlan sí an (urlár [fir.])_____ aréir.
26. Is í an lúidín an (méar [bain.]) _____ is lú.
27. Thug Dónall a chóipleabhar (do: an múinteoir) _____.
28. Chuir sí fáilte mhór roimh (na cuairteoirí) _____.
29. Tógfaidh sé laethanta saoire ag tús (an samhradh) _____.
30. Buailfidh mé le mo chara i lár (an tseachtain) _____.
31. Tá na páistí ag crochadh (na pictiúir) _____ ar an mballa.
32. Beidh cruinniú ag Cumann (na Tuismitheoirí) _____ ag deireadh na míosa.

An Aidiacht

33. Tá an líne sin (níos: díreach) _____ ná an líne eile.
34. Tá Barra (níos: óg) _____ ná Lorcán.

An Aidiacht Shealbhach

35. Tá Pól (i: a: cónaí) _____ i gCorcaigh.
36. An bhfuil (bhur: obair bhaile) _____ déanta agaibh?

An Forainm Réamhfhoclach

37. Táim buíoch (de: tú) _____ as an obair a rinne tú dom inné.
38. Nuair a chonaic Éanna an tarbh lig sé béic (as: é) _____.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Anna! D'fhág mé na cóipleabhair thíos ag an Oifig Fáilte. Ar mhiste leat dul _____ chun iad a fháil?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Má bhíonn an aimsir go maith amárach, imreoimid cluiche _____ sa pháirc.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 4: _____.
42. Cé mhéad (cathaoir) _____ atá ag teastáil sa Halla?
43. Beidh beirt (imreoir gairmiúil) _____ rugbaí ag teacht ar cuairt chuig an scoil.
44. Tá naoi (cóipleabhar) _____ ar an mbord anois.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa iolra den bhriathar 'cuir'.

_____.

46. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa uatha den bhriathar 'tionóil'.

_____.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar 'abair'.

_____.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'dáilfidh sí'.

_____.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'chríochnaigh tú'.

_____.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'ag dul'.

_____.

(25 mharc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT
Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Dialann Deoraí*, le Dónall Mac Amhlaigh, 1960, An Clóchomhar Teoranta, 170-171.

Bhí cuid de na leads ag caint ar dhul go Baile Átha Cliath le haghaidh na Cásca, agus thosaigh mé féin ag smaoineamh ar an rud céanna. Fearacht Raifteirí fadó, ó chuir mé i mo cheann é ní raibh aon suaimhneas i ndán dom nó go ngéillfinn do mo mhian.

Nuair a tháinig mé ón obair, ní dhearna mé a dhath ach glanadh maith a thabhairt dom féin, mo chulaith Dhomhnaigh a bhualadh orm, trí bhóna breise, scuaibín fiacla agus rásúr a chur i mo phóca, agus bualadh liom chuig an stáisiún. Bhí mé chomh ríméadach le gasúr le teann tnútháin ag dul ar an traein dom, go mórmhór ó bhí mé á dhéanamh gan é bheith socraithe roimh ré agam. Rinne mé iontas den mhéid a bhí ag dul siar.

Chodail mé an chuid is mó den aistear ó Rugby amach, mar is iondúil liom. Níor fhéad mé riamh fanacht i mo dhúiseacht ag clagarnach rialta na rotha i gcoinne an ráille agus ag bogluascadh na traenach. Dhúisigh an torann a bhain sí as droichead Conway mé, ach thit néal orm go gairid ina dhiaidh sin arís; agus nuair a dhúisigh mé athuair bhí amharc soiléir agam ar an bhfarraige mar a bheadh scáthán mór airgid faoi sholas na gealaí.

Fuair mé sásamh breá ag siúl trí loc na gCustom i nDún Laoire ar maidin is gan a dhath le taispeáint agam. D'ith mé bricfeasta breá sa chaife sin amach ar aghaidh Stáisiún Shraith an Iarthair. Chaithfeá suntas a thabhairt do na cailíní freastail sna tithe bia i mBaile Átha Cliath, tá siad chomh cainteach is chomh suáilceach sin, ní hé fearacht a leithéidí i Sasana.

Nuair a bhí mo bhéile ite agam bhuail mé amach ar fud na cathrach ag breathnú na háite dom féin. Nach diabhlaí an rud é gur mó go mór é m'eolas ar Londain ná ar phríomhchathair na hÉireann. Cuirim i gcás, ní bheadh a fhios agam beo ná beirthe cá rachainn i mBaile Átha Cliath ag iarraidh comhluadair den chineál a chleachtaim ar an taobh thall, is é sin má tá a leithéid ann chor ar bith. Anseo i mBaile Átha Cliath tá Éireannaigh de chuile chéim – saibhir, daibhir, oilte agus neamh-oilte – ach i Sasana, don chuid is mó de, níl ach aon aicme amháin Éireannach, agus is é sin an lucht oibre. Má chónaíonn tú sách fada sa tír sin gabhfaidh sé ina luí ort ar deireadh do do mhíle buíochas gur lucht oibre uilig iad muintir na hÉireann trí chéile, rud nach bhfuil fíor dár ndóigh.

Cheannaigh mé Lile Cásca ar an droichead agus shiúil mé liom go deas réidh suas Sráid Uí Chonaill. Cheannaigh mé *Inniu* agus *Aiséirí* tigh Eason, agus thug mé isteach sa Tower Bar iad. D'ól mé dhá phionta bhreátha ar mo shuaimhneas is mé ag éisteacht le comhrá na bhfear. Is breá é atmaisféar na dtithe ósta anseo le hais na gceann thall. Tá slacht agus fiúntas sa chaint a chloistear…

Buntuiscint:

1. Céard a thug an t-údar leis ina phóca agus é ag dul go Baile Átha Cliath?
2. Céard a chuir ionadh ar an údar agus é ag dul ar an traein?
3. Dar leis an údar, cén fáth a bhfuil tithe tábhairne in Éirinn níos deise ná na tithe tábhairne i Sasana?

Tuiscint liteartha:

4. Cén chomparáid a dhéanann an t-údar idir é féin agus 'Raifteirí'?
5. Cén fáth a dtiteann an t-údar ina chodladh ar thraenacha?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as Carraig na Caillí (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le Tríona Ní Lionáin, An Gúm, 2009, 5-7.

Dhúisigh Colm go luath ar maidin. Bhí sé ar tí casadh timpeall agus an blaincéad a tharraingt aníos air féin arís nuair a chuimhnigh sé gurb í maidin Dé Sathairn í. Go diail! Bhí sé socraithe aige féin agus ag Daid go mbeadh lá mór iascaigh acu inniu. Tháinig aoibh an gháire air. Amach leis as an leaba, tharraing sé air a chuid éadaigh agus bhrostaigh sé leis go dtí an chistin.

Ní raibh aon duine beo sa chistin. Gan dabht, bhí Mam imithe go dtí an mhonarcha éisc ag obair. Thosaíodh sí go luath gach aon mhaidin Shathairn. Agus Daid? Ní foláir nó go raibh seisean thíos ar an gcé ag feistiú an bháid. Ní bhíodh aon leisce air siúd éirí ar maidin, bail ó Dhia air.

'Is ea,' arsa Colm leis féin. 'Ní fada anois go mbeidh mé féin agus Daid amuigh ar bharr na dtonn, amuigh ar an bhfarraige mhór.'

Bhuail sé faoi ag an mbord. Bheadh bricfeasta ceart ag teastáil uaidh má bhí sé le dul amach ag iascach! Ansin chonaic sé nóta:

"Fuair Daid glao i rith na hoíche. Ith do bhricfeasta agus déan d'obair bhaile. Beidh mé ar ais ag am tae. Le grá, Mam."

Thuig Colm ansin cad ina thaobh nach raibh a athair sa teach. Ní thíos ar an gcé ag feistiú an bháid a bhí sé ach amuigh le criú an bháid tharrthála. B'fhada le Colm go dtiocfadh sé ar ais. Chuimhnigh sé ar an dorú, na duáin agus an baoite a bhí fágtha sa bhád acu an oíche roimhe sin, agus b'fhada leis go n-úsáidfeadh sé iad. Ach chaithfeadh sé fanacht chun iad a úsáid go dtiocfadh a athair abhaile, pé acu luath nó mall é.

Ní dhearna sé a chuid obair bhaile an tráthnóna roimhe sin mar go raibh sé ag ullmhú don turas iascaireachta. Bheadh air tabhairt fúithi anois, mar sin. Tharraing sé chuige a mhála scoile go doicheallach. Bhí sé díreach ar tí an chéad leabhar a oscailt nuair a ardaíodh an laiste. Léim a chroí le háthas. Bhí Daid ar ais cheana féin!

Tháinig a athair isteach sa chistin agus é ag tarraingt na gcos. Chaith sé é féin isteach sa chathaoir uillinne cois na tine.

'Ba bhreá liom cupán tae,' ar seisean.

'Buail air an citeal, a Choilm, maith an buachaill. Táim traochta.'…

'A Choilm,' arsa Daid faoi dheireadh, 'is trua liom go bhfuilim ró-thraochta chun tú a thabhairt amach ag iascach inniu. Glaodh amach orainn ar a haon a chlog ar maidin, an dtuigeann tú, agus táim amuigh ó shin.'

'Tuigim,' arsa Colm go pras agus cé go raibh díomá air d'éirigh leis na deora a stopadh.

Bhí Colm mórálach go raibh a athair ar chriú an bháid tharrthála…

'Cé a bhí á lorg agaibh, a Dhaid?' ar seisean.

'Strainséir,' arsa a athair. 'Bhí sé imithe ar strae ina bhád seoil nuair a ghlaoigh sé orainn agus gan tuairim faoin spéir aige cá raibh sé.'

Buntuiscint:

1. Cén socrú a bhí déanta ag Colm lena athair?
2. Cén fáth a ndeachaigh máthair Choilm go dtí an mhonarcha éisc?
3. Cén fáth a raibh ar athair Choilm dul amach i lár na hoíche?

Tuiscint liteartha:

4. Céard air a raibh Colm ag smaoineamh agus é ag feitheamh ar a athair?
5. Conas go bhfuil a fhios agat gur éirigh le Colm a dhíomá a cheilt óna athair?

(10 marc)